

ELeathanach265

Dé Luain 29 Bealtaine 2017

Britain's Got Talent (BGT) 2017

Má thaitníonn *Britain's Got Talent* leat ná déan dearmad go mbeidh na cláir bheo ar siúl gach tráthnóna an tseachtain seo. Tá 40 rannpháirtí fágtha agus feicfidh muid ochtar gach oíche.

Beidh na moltóirí ag súil leis go bhfeicfidh siad na daoine a roghnaigh siad leis an gcnaipe óir. Ag deireadh na seachtaine, mar athrú ón mbliain seo caite, beidh cead ag na moltóirí cuireadh speisialta an duine a thabhairt do dhuine nó grúpa a thaitníonn leo. Rachaidh an duine nó grúpa seo díreach isteach sa bhabhta ceannais Dé Domhnaigh an 4 Meitheamh.



Comórtas Rámhaithe na hEorpa

Ag an deireadh seachtaine bhí rámhaithe ó Sciobairín ag glacadh páirte i gComórtas Rámhaithe na hEorpa. Ar dtús bhí Shane O'Driscoll agus Mark O'Sullivan i rás do rámhaithe éadrom-mheáchain. Ag an bpointe leath bealaigh, bhí siad chun tosaigh ar an Iodáil agus ar an Tuirc. Lean Shane agus Mark sa chéad áit agus bhuaigh siad an rás. Fuair siad bonn óir an duine.

Díreach ina dhiaidh sin, ghlac Denise Walsh páirt i gcomórtas céaslaire aonair do rámhaithe eadrom-meáchain. Tar éis 1,000 m bhí sí sa cheathrú háit, ach ansin thosaigh sí ag rámháiocht níos tapúla. Cé gur bhuaigh Emma Fredh ón tSualainn an rás tháinig Denise sa dara háit agus fuair sí bonn airgid.

Ansin bhí na deartháireacha, Paul agus Gary O'Donovan, i gcomórtas céaslaire beirte. Ag an tús bhí siad san áit dheireanach sa rás. Fiú ag an bpointe leath bealaigh bhí siad sa chúigiú háit. D'éirigh siad níos tapúla agus chríochnaigh siad sa dara háit. Bhuaigh an Fhrainc an rás. Tá clú agus cáil ar Paul agus Gary ó bhuaigh siad bonn airgid sna Cluichí Oilimpeacha.




Denise Walsh i gcomórtas céaslaire aonair

Gabhair ag dreapadh na gcrann!

Is féidir rud aisteach a fheiceáil ar na crainn i Maracó toisc go bhfuil ocras ar na gabhair agus bíonn siad ag dreapadh na gcrann.

Itheann na gabhair na torthaí ó na crainn ach ní maith leo na cnónna atá taobh istigh de na torthaí. Caitheann siad na cnónna seo amach ar an talamh.

Uaireanta fásann crann ón gcnó agus uaireanta eile bailíonn na daoine áitiúla na cnónna chun ola a bhaint astu. Tagann ola Argan ó na cnónna seo agus baineann daoine úsáid as i seampú agus i gcócaireacht freisin.



An Chomhairle um Oideachas
Gaeilteachta & Gaelscolaíochta



Roinn Froebel don Bhun- agus Luath- Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,
OÉMN, i gcomhpháirt leis an Idirbhliain, Coláiste Alexandra, BÁC 6.

